**Straitéis & Taighde, FSS Éire atá Saor ó Thobac,** Dara hUrlár, Clár Teach na Darach, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill

www.hse.ie
TFI@hse.ie

**CHUIG**: Príomhoidí, le roinnt le tuismitheoirí, caomhnóirí agus baill foirne
**Ó**: An Dr Paul Kavanagh, Éire Saor ó Thobac FSS
**MAIDIR LE:** Vápáil i measc leanaí agus daoine óga
**DÁTA:** 29/05/2023

---

Is riosca atá ag teacht chun cinn do shláinte leanaí agus daoine óga é vápáil. Is í an aidhm atá leis an litir seo ó FSS eolas a roinnt le agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun cabhrú leo leanaí agus daoine óga a chosaint ón dochar a dhéanann vápáil.

Is éard atá i gceist le vápáil toitín leictreonach a úsáid. Is gléasanna a ritheann ar chumhacht cadhnraí iad toitíní leictreonacha. Úsáidtear iad chun nicitín atá measctha le blasóirí agus ceimiceáin eile a théamh chun aerasól a chruthú a ionanálaíonn an t-úsáideoir.

**Treochtaí a bhaineann le caitheamh tobac agus vápáil i measc leanaí agus daoine óga**

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus scoileanna chomh fada is a bhaineann le leanaí agus daoine óga a chosaint ó chaitheamh tobac. Laghdaigh na rátaí caitheamh tobac i measc leanaí agus daoine óga idir 10-17 mbliana d'aois ó bheagnach duine amháin as gach ceathrar i 1998 go dtí duine amháin as gach fiche duine in 2018. Is fianaise é seo go bhfuil dul chun cinn iontach déanta, fianaise go bhfuil seans ag leanaí agus daoine óga fanacht i mbarr a sláinte i rith a saoil.

Tá vápáil níos coitianta i measc daoine fásta le blianta beaga anuas. Bíonn beagnach duine as gach fiche duine atá 15 bhliain d'aois agus níos sine in Éirinn ag vápáil. Caitheann formhór na ndaoine seo tobac nó bhí sé de nós acu tobac a chaitheamh roimhe seo.

Chomh maith leis sin, tá vápáil níos coitianta i measc leanaí agus daoine óga anois. Is léir ó shonraí a bhaineann le 2018 gur úsáid leanbh amháin ach gach deichniúr leanaí agus daoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois toitín leictreonach le 30 lá anuas. Léiríodh i sonraí a bhain le daoine a bhí 16 bhliain d'aois go raibh duine amháin ach gach cúigear daoine ag úsáid toitíní leictreonacha in 2019, a dhá oiread is a bhí in 2015. Tá sé beartaithe sonraí cothrom le dáta maidir le hÉirinn a fhoilsiú níos faide anonn in 2023.
Bunaithe ar na treochtaí seo, táimid ag súil go mbeidh fianaise le fáil sna sonraí seo ar níos mó úsáide a bheith á baint ag leanaí agus daoine óga in Éirinn as toitíní leictreonacha.

**Na rioscaí a bhaineann le vápáil i measc leanaí agus daoine óga**
Déanann vápáil dochar do leanaí agus daoine óga ar go leor bealaí éagsúla:

- Tá úsáid a bhaint as toitíní leictreonacha nasctha le dochar tromchúiseach lena n-áirítear nimhiú, dó, bristeacha, gortú scamhóige agus fadhbanna a bhaineann le hasma.
- San fhianaise atá ar fáil faoi láthair cruthaítear nasc idir úsáid toitíní leictreonacha agus damáiste d'fhíochán cardashoithíoch agus riospráide.
- Bíonn nicitín le fáil i dtoitíní leictreonacha go minic, arb ionann é agus substaint andúile a mbíonn spleáchas ar dhrugaí dá barr.
- Tá leanaí agus daoine óga go háirithe leochaileach d'éifeachtaí nicitín ar a n-inchinn atá fós ag forbairt lena n-áirítear andúil nicitín, neamhoird ghiúmair agus cumas rialaithe ríge laghdaithe.

**Straitéis & Taighde, FSS Éire atá Saor ó Thobac,** Dara hUrlár, Clár Teach na Darach, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill
www.hse.ie
TFI@hse.ie

- Is féidir drugaí eile cosúil le halcól, cannaibionóidigh shintéiseacha agus codlaidínigh a chur le leachtanna toitín leictreonach agus iad a úsáid trí vápáil.
- Ar deireadh, tá seans níos mó ann go dtosóidh leanaí agus daoine óga a úsáideann toitíní leictreonacha ag caitheamh tobac i gcomparáid le leanaí agus daoine óga nach n-úsáideann toitíní leictreonacha riamh.
- Tá éiginnteacht ag baint leis na héifeachtaí fadtéarmacha sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag vápáil faoi láthair.

**Rialáil ar mhaithe le leanaí agus daoine óga a chosaint ón dochar a dhéanann vápáil**
In 2022, cheadaigh an Rialtas dréachtú an Bhille Sláinte (Táirgí Tobac agus Ionanálaithe Nicitín). Ciallaíonn an Bille seo go mbeidh cosc á chur ar dhíol toitíní leictreonacha do dhaoine atá faoi 18 mbliana d'aois agus go mbeidh na rialacha a bhaineann le táirgí tobac agus toitíní leictreonacha á bhfeabhsú. Táimid ag súil go gcuirfear an Bille ar aghaidh go luath sa chlár reachtach.

**Tacaíocht do leanaí, caomhnóirí agus múinteoirí chun leanaí agus daoine óga a chosaint ón dochar a bhaineann le vápáil**
Tá comhairle á lorg ag tuismitheoirí, caomhnóirí agus múinteoirí ó FSS maidir le conas leanaí agus daoine óga a chosaint ón dochar a dhéanann vápáil.

Céim thábhachtach é toitíní leictreonacha a áireamh i mbeartais agus nósanna imeachta mí-úsáide atá curtha i gcrích i go leor scoileanna chun leanaí agus daoine óga a chosaint.

Tugadh roinnt acmhainní éagsúla a bhain le Clár Oideachais FSS cothrom le dáta agus cuireadh feabhas orthu, agus cuireadh eolas nua maidir le toitíní leictreonacha ar fáil freisin. Tá naisc le fáil ag deireadh an doiciméid seo.

Molann FSS do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí vápáil a phlé lena leanaí agus daoine óga. Tá acmhainn "QUIT for Youth" forbartha le déanaí do sheirbhísí áitiúla Sláinte agus Folláine FSS chun tacú leo freagairt do riachtanais daoine óga a chaitheann tobac agus a úsáideann toitíní leictreonacha. Tá FSS ag obair ar thuilleadh acmhainní chun tacú le tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Leanfaimid ar aghaidh le súil a choinneáil ar an scéal seo agus lenár bhfreagairt, acmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt. Leanfaimid ar aghaidh ag obair le tuismitheoirí agus caomhnóirí, scoileanna, an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus gach páirtí leasmhar lena chinntiú go bhfuil leanaí agus daoine óga á gcosaint againn ón dochar a dhéanann caitheamh tobac agus toitíní leictreonacha.
**Tá eolas agus acmhainní le fáil ag an nasc thíos:**
https://www.hse.ie/eng/about/who/tobaccocontrol/resources/e-cigarette-resources.html

Mise Le Meas

**Dr Paul Kavanagh, MB, BCh, BAO, MSc, FFPHMI, MCIRN 021024**

Public Health Medicine Advisor HSE Tobacco Free Ireland Programme

**Martina Blake**

National Lead Tobacco Free Ireland Programme